2026/2457

29.10.2026

CINNEADH (AE) 2026/2457 ÓN gCOMHAIRLE

an 26 Deireadh Fómhair 2026

maidir le síniú an Comhaontaithe i bhfoirm Malartú Litreacha idir an tAontas Eorpach agus Ceanada de bhun Airteagal XXVIII de Chomhaontú Ginearálta 1994 um Tharaifí agus Trádáil ('GATT 1994') a bhaineann le modhnú lamháltas ar na taraifchuótaí uile a áirítear i Sceideal CLXXV an Aontais de thoradh tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 207(4), an chéad fhomhír, i gcomhar le hAirteagal 218(5), de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 15 Meitheamh 2018, thug an Chomhairle údarú don Choimisiún tús a chur le caibidlíocht de bhun Airteagal XXVIII de Chomhaontú Ginearálta 1994 um Tharaifí agus Trádáil (GATT) maidir le cionroinnt na dtaraifchuótaí uile a áirítear i Sceideal CLXXV an Aontais, de thoradh tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas.

(2) Tugadh an chaibidlíocht le Ceanada i gcrích agus, an 28 Bealtaine 2026, cuireadh inisealacha leis an gComhaontú i bhfoirm Malartú Litreacha idir an tAontas Eorpach agus Ceanada de bhun Airteagal XXVIII de Chomhaontú Ginearálta 1994 um Tharaifí agus Trádáil ('GATT 1994') a bhaineann le modhnú na lamháltas ar na taraifchuótaí uile a áirítear i Sceideal CLXXV an Aontais de thoradh tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach ('an Comhaontú').

(3) Dá bhrí sin, ba cheart an Comhaontú a shíniú,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Údaraítear leis seo, síniú an Comhaontaithe i bhfoirm Malartú Litreacha idir an tAontas Eorpach agus Ceanada de bhun Airteagal XXVIII de Chomhaontú Ginearálta 1994 um Tharaifí agus Trádáil ('GATT 1994') a bhaineann le modhnú lamháltas ar na taraifchuótaí uile a áirítear i Sceideal CLXXV an Aontais de thoradh tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach, faoi réir an Comhaontú ([1]) sin a thabhairt i gcrích.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, an 26 Deireadh Fómhair 2026.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

M. HEYDON

([1]) Foilseofar téacs an Chomhaontaithe in éineacht leis an gcinneadh maidir lena thabhairt i gcrích.